

# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2017

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

**Is é atá san achoimre seo ná sampla de na príomhghníomhaíochtaí ón mbliain 2017. Dá bhrí sin, ní phléitear inti le raon iomlán éachtaí ECDC i rith na bliana úd. Is sa leagan iomlán den Tuarascáil Bhliantúil a fhaightear forbhreathnú mionsonraithe ar raon gníomhaíochtaí ECDC, ar a struchtúir eagrúcháin agus riaracháin agus ar a phlean oibre.**

<https://ecdc.europa.eu/en/publications-data/annual-report-director-2017>

Lua molta:

An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2017: Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúirthóra. Stóicólm: ECDC; 2018.

ISBN 978-92-9498-233-9

ISSN 2529-6191

doi 10.2900/681325

Uimhir chatalóige TQ-AX-18-001-GA-N

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2018

Gach pictiúr © ECDC, seachas SciencePhoto (clúdach agus leathanach 20, bun ar dheis) agus ceadúnas sannta neamhthráchtála Creative Commons (CC BY-NC 4.0) trí mheán úsáideoirí Flickr: Martin Deutsch (leathanach 2, barr ar chlé), UNICEF (leathanach 2, lár ar dheis), Ian Jacobs (leathanach 4, bun), Gabriel Jabur (leathanach 8, barr), Jesus Reyes (leathanach 8, bun), Nadine (leathanach 10, barr ar chlé), Adolfo Lujan (leathanach 12, bun), timquijano (leathanach 14, barr), Rialtas Alberta (leathanach 14, bun ar chlé), Haukeland universitetssjuehus (leathanach 14, bun ar dheis), Albaraa Mehdar (leathanach 16, bun ar chlé), CDC (leathanach 16, bun ar dheis), US AFBMP (leathanach 20, barr ar dheis), Dean Calma (leathanach 22, barr ar chlé)

Údaráitear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse.

Na grianghraif faoi chóipcheart a úsáidtear san fhoilseachán seo; ní féidir iad a úsáid le haghaidh cuspóirí taobh amuigh den fhoilseachán seo ach amháin le cead sainráite ó shealbhóir an chóipchirt.

# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2017

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

## Clár

Brollach .....	3
Réamhrá .....	3
Faireachán ar ghalair ionfhabhtaíochas ar fud na hEorpa .....	5
Sláinte na hEorpa a chosaint: Clár um ghalair ECDC .....	6
Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte (ARHAI) .....	7
Galair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha (EVD) .....	9
Galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus zónóisí (FWD) .....	11
VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach (HSH) .....	13
Flú agus víris eile riospráide (IRV) .....	15
An Eitinn (TB) .....	17
Galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú (VPD) .....	19
Cumarsáid agus oiliúint: nuacht a scaipeadh agus eolas a chomhroinnt .....	21
Súil ghéar á coinneáil: faireachas ar ghalair .....	23
ECDC de réir na bhfigiúirí .....	24

Tottenham, Wood Green & Edmont  
**S JOURNAL**  
**MEASLES**  
**OUTBREAK**  
**PARENTS**  
**WARNING**





## Brollach le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Ba mhaith liom comhghairdeas a rá le hAndrea Ammon ar dtús ar a toghadh mar Stiúrthóir nua ECDC. Ba í mí an Mhárta 2017 a toghadh í, tráth a raibh sí i gceannas ar an Lárionad mar stiúrthóir gníomhach le breis agus dhá bhliain cheana féin. Tugann a toghadh an chobhsaíocht agus an cheannaireacht a theastaigh ó ECDC chun saothar an Lárionaid a dhaingniú.

Bhí an ullmhacht ag barr chlár ECDC sa bhliain 2017, go háirithe le forfheidhmiú Chinneadh 1082/2013/AE maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha don tsláinte. Chuir ECDC roinnt uirlisí ar fáil chun an cumas dul i ngleic le héigeandálaí sa réimse seo a fheabhsú.

Bhí an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach go hard ar liosta na dtosaíochtaí freisin; tá an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach sna Ballstáit ag ardú, agus an drogall roimh vacsaíniú ar fud na hEorpa freisin.

Tá rialú na ngalar fós ar cheann amháin de na tascanna is tábhachtaí ag ECDC. Áirítear le roinnt de na héachtaí is suntaí ag an Lárionad ocht mearmheasúnú riosca is tríocha i leith bagairtí galair nua, treoiclár d'athstruchtúrú chórais faireachais ghalar an Lárionaid, agus measúnú cuimsitheach ar saotharlanna micri-bhitheolaíochta san Eoraip.

Ní haon chríoch astu féin iad na scéimeanna cáilíochta seachtracha do shaotharlann; is leosan a chinntítear gur féidir linn braislí galar nua a bhrath níos tapúla agus gur féidir linn freagairt dóibh níos gasta. Léiríonn an aiseolas a fuairamar ó na Ballstáit go bhfuil an Eoraip ar an mbóthar ceart. Is féidir le roinnt den fhorás a gnóthaíodh le cúpla bliain anuas a chur i leith iarrachtaí gan staonadh ECDC freisin chun tacú leis na Ballstáit le gach gné den tsláinte poiblí.

*Daniel Reynders*

*Cathaoirleach Bhord Bainistíochta ECDC*

*24 Feabhra 2018*

*Barr ar chlé: Ceannlíne i nuachtán sa RA maidir le ráig bhruitíní  
Barr láir: Is ionann EPIET agus an chraobh de Chlár Comhaltachta ECDC ina ndírítear ar eipidéimeolaíocht idirghabhála  
Barr ar dheis: Baill foirne ECDC le linn glao comhdhála leis an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia  
Lár ar dheis: Vacsaíní stoc-chamtha ar feitheamh dáileacháin  
Bun: Póstaer leictreonacha ag comhdháil ESCAIDE ECDC i Stócólm*



## Réamhrá ón Stiúrthóir

Ní fhacthas an iomarca ráigeanna sa bhliain 2017, ach bhíomar gnóthach le dhá bhagairt thromchúiseacha don tsláinte poiblí:

- Le blianta fada anuas, tá ECDC ag cur úsáid stuama na n-antaibheathach chun cinn, go háirithe sna suíomhanna cúraim shláinte. Tacaíonn ECDC go láidir le chur chuige “Aon Sláinte Amháin” de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, a fheictear mar iarracht chomhoibríoch chun sláinte optamach a ghnóthú do dhaoine, d’ainmhithe agus don chomhshaol.
- Drogall roimh an vacsaíniú san Eoraip: Tá fianaise mhílleanach ann go n-oibríonn vacsaíní – ach ní bhfaigheann go leor tuismitheoirí imdhíonadh dá leanaí, ag déanamh neamhairde den riosca i bhfad níos mó gan leanaí a vacsaíniú. Léiríodh le roinnt ráigeanna bruitíní sa bhliain 2017 go bhfuil cumhdach an vacsaínithe fós ró-íseal ar fud an AE.

D’fhreagair an Lárionad sa bhliain 2017 59 iarratas eolaíochta ón gCoimisiún Eorpach, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na Ballstáit; foilsíodh os cionn 200 cáipeis ar ár láithreán gréasáin athdheartha.

Tar éis go leor míonna den saothar ullmhaitheach, tugadh an treoiclár d'athstruchtúrú ár gcórais faireachais. Neartaíodh an comhoibriú lenár bpáirtithe in earnáil na sláinte poiblí, lenár áiríodh an comhoibriú straitéiseach le hOifig Réigiúnach EdS don Eoraip.

Ba í an bhliain 2017 an bhliain dheireanach iomlán inár sean-cheanncheathrú, ar foirgneamh scoile tiontaíthe ón mbliain 1888 í. Feicfeadh gach fónas teicniúil agus éascaitheach d’fhoirgneamh oifige nua-aimseartha inár bhfoirgneamh nua i gcomharsanacht Solna-Frösunda. Táimid den tuairim dhiongbháilte go mbainfidh ár mbaill foirne agus ár gcúairteoirí leas as a mbeidh ar tairiscint leis an bhfoirgneamh ECDC nua, agus go gcothófar atmaisféar comhoibríoch agus táirgiúlachta lenár gceanncheathrú nua.

*Andrea Ammon,*

*Stiúrthóir ECDC*

*29 Márta 2018*



# Faireachán ar ghalair ionfhabhtaíocha ar fud na hEorpa

Is cuid de líonra gníomhaireachtaí AE é an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), a bunaíodh thiar sa bhliain 2005 agus atá bunaithe i Stócólm, an tSualainn. Feidhmíonn na gníomhaireachtaí sin tascanna teicniúla agus eolaíochta chun cuidiú le hinstiúidí AE chun beartas a chur chun feidhme agus chun cinntí a dhéanamh. Faightear gníomhaireachtaí AE i mbeagnach gach aon Bhallstát AE óir gur comhlachtaí dílártaite iad.

## Faireachas ar ghalair

Clúdaíonn raon feidhme shainordú ECDC an faireachas ar ghalair i leith os cionn 50 galar tógálach, idir SEIF/VEID agus galair zónóiseacha neamhchoitianta. Cuirimid chun cinn freisin na vacsaínithe, aithnímid an t-iompar díobhálach don tsláinte, cinntímid caighdeán na saotharlann ar fud na hEorpa, cuirimid éipidéimeolaíche ó fud na hEorpa faoi oiliúint, agus tugaimid oideachas agus eolas dár spriocluchtanna faoi gach gné de shláinte phoiblí na ngalar tógálach.

Ag deireadh na bliana 2017 bhí 263 ball foirne buan ag ECDC, agus iad ag gabháil do na cúraimí seo a leanas: faireachas ar ghalair, ráigeanna a bhrath, comhairle eolaíoch a thabhairt, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid, agus riarachán.

## Cuir chuige Eorpach don fhaireachas ar ghalair


Oibríonn agus cothabhálann ECDC trí chóras chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha ar fud na hEorpa. Díritear gach córas ar limistéar amháin den rialú galar: EWRS (bagairt a bhrath, foláirimh maidir le bagairt), EPIS (faisnéis eipidéime), agus TESSy (faireachas agus staidreamh ar ghalair).

Córas faoi rún is ea an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS) trínar féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach faisnéis a chomhroinnt maidir le himeachtaí sláinte a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Aontas Eorpach. Cuidíonn EWRS freisin chun comhordú a dhéanamh ar na bearta freagartha chun an tsláinte phoiblí a chosaint.

Is ionann an Córas Faisnéise Eipidéime (EPIS) agus ardán slán gréasánbhunaithe cumarsáide trínar féidir faisnéis eipidéimeolaíochta a idirmhalartú go hidirnáisiúnta.

Is córas bunachair shonraí é an Córas Eorpach Faireachais (TESSy) le haghaidh sonraí maidir le galair a chruinniú. Déanann aon tír is tríocha den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch sonraí maidir le galair thógálacha a thuairisciú do TESSy ar bhonn rialta. Áirítear leis na feidhmchláir sonraí léiriú tuarascálacha faireachais agus Atlas Faireachais ECDC ar líne maidir le Galair Thógálacha.

*Barr ar chlé: Ag fáil faoi réir d'eagrán na bliana 2017 de ESCAIDE, comhdháil idirnáisiúnta ECDC maidir leis an eipidéimeolaíocht  
Barr láir: Tomteodaskolan, ceanncheathrú ECDC go dtí earrach na bliana 2018  
Barr ar dheis: Painéal ag cruinniú de na pointí fócasacha náisiúnta, Stócólm  
Lár ar dheis: ESCAIDE 2017, Stócólm  
Bun: Muiscít Aedes aegypti*





# Sláinte na hEorpa a chosaint: Cláir um ghalair ECDC

## Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte: ARHAI

Tá cosc agus rialú na frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte (nó ARHAI mar ghiorrúchán) fós ina saincheist thábhachtach i bplean oibre an Lárionaid, agus ní haon iontas mar sin é go ndeachaigh an liosta fada gníomhaíochtaí Cláir ó cheann ceann na bliana. Ag druidim le deireadh na bliana, tugadh le chéile os cionn 40 tír leis an deichiú Lá Feasachta Eorpach maidir le hAntaibheathaigh, a bhí ar siúl an 18 Samhain, le himeachtaí agus gníomhaíochtaí thar go leor gnéithe den fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach.

Choinnigh ECDC air ag gníomhú mar eochair-rannchuiditheoir leis an Tascfhórsa Trasatlantach um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach. Ba thiar sa bhliain 2009 a cruthaíodh TATFAR chun an comhar idir SAM agus an tAontas Eorpach a fheabhsú d'fhon an bhagairt ó mhicróbí le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach a laghdú.

*Barr: Is le ESCAIDE a thugtar le chéile eipidéimeolaíthe agus micribhitheolaíthe, ar speisialtóirí go leor acu san fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach*

*Bun ar chlé: Grafaic faisnéis idirghníomhach maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach arna léiriú ag ECDC agus EFSA*

*Bun ar dheis: Páipéir phleanála don 10ú Lá Feasachta Eorpach maidir le hAntaibheathaigh*

Coinníodh dhá ghníomhaíocht eile leis an gcuispóir céanna ar siúl, ach le béim ábhairín éagsúil: foilsíú cáipéise teorach maidir le heintreabaictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh carbaipeineime/colastanaim dírithe ar AMR sna suíomhanna cúraim shláinte, agus leagadh an bhéim le seoladh an fhaireachais tópála móilíní d'eintreabaictéir fhrithsheasmhacha in aghaidh carbaipeineime/colastanaim ar na gnéithe diagnóiseacha den chosc agus rialú AMR. Ina theannta sin, b'amhlaidh a formhéadaíodh go mór an t-eolair maidir le hacmhainní um chosc AMR agus HAI.

Cuireadh sonraí nuabhailithe maidir le hionfhabhtuithe i gcréacht máinliachta leis an gClár chuig a bhunachar sonraí AMR sa bhliain 2017. Bíonn gach tacar sonraí inrochtana ar líne trí Atlas Faireachais ECDC um Ghalair Ionfhabhtaíocha.



# Galair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha: EVD

Is minic a bhíonn ceangail idir ráigeanna EVD agus rialú uireasach ar mhuiscítí. Ba chun feasacht a spreagadh faoin bhfadhb sin agus chun sonraí a sholáthar faoi láithreach na muiscítí, a d'fhoilsigh foireann EVD le ECDC uirlis shamhaltaithe nua chun comparáid a dhéanamh idir straitéisí rialaithe veicteora d'fhiabhras na Níle Thiar san Eoraip. Tá nasc coincheapúil idir an uirlis agus Atlas ECDC um chásanna fhiabhra na Níle Thiar san Eoraip, atá fós mar cheann amháin de na fo-láithreáin is coitianta le ECDC. Chuir ECDC cásanna in ainmhithe lena fhaireachas ar fhiabhras na Níle Thiar sa bhliain 2017, ach leas a bhaint as sonraí ó Chóras Fógartha Galar Ainmhithe (ADNS) an Choimisiúin Eorpaigh: is ainmhithe faoi fhaire iad na capaill maidir le nochtadh daonna, agus feidhmíonn siad mar shampla amháin eile arís den aistriú paraidíme “Aon Sláinte Amháin”.

Bhí saineolaithe ECDC gnóthach go fóill leis an ráig ábhalmhór den víreas Zika ó na blianta 2015 agus 2016, le roinnt gníomhaíochtaí leantacha ar siúl:

nuashonraíodh dhá mheasúnú riosca, agus choinnigh an Lárionad air leis an EDS agus le CDC SAM ag saothrú ar rangaithe tíre Zika ó thaobh comhairle taistil de.

Choinnigh ECDC air, i dteannta le EFSA, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, ag bailiú sonraí faoi veicteoirí is artrapóid (feithidí agus a neasgholta) de ghalair dhaonna agus ainmhithe. Taisceadh sainiú cáis maidir le néarabhorralóis Lyme leis an gCoimisiún Eorpach maidir le hiniamh féideartha leis an liosta de ghalair theagmhálacha ar galair infhógartha ag an leibhéal AE iad.

*Barr: Larbhaí muiscíte Aedes aegypti i mbuidéal uisce diúscartha  
Bun: Garamharc ar larbha Aedis aegypti*



# Listeria infections in the EU in 2016

There was a total of 2 536 reported listeriosis cases in 2016.



**1 520**

confirmed listeriosis cases with known age and outcome



**62%**

of cases were in people 65 or older



**19%**

of cases in people 65 or older were fatal

## Listeria monocytogenes in food

**4.9%**  
of ready-to-eat fish products were *L. monocytogenes* positive



**2.6%**  
of ready-to-eat meat products were *L. monocytogenes* positive



**0.7%**  
of cheese were *L. monocytogenes* positive



Source: European Union summary report on trends and sources of zoonoses, zoonotic agents and food-borne outbreaks in 2016, published by EFSA and ECDC in 2017. Data on case numbers come from the European Surveillance System (TESSy), data on food come from EFSA zoonoses database.

# Galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus zónóisí: FWD

Is táscaire é an chaoi a bhfuarthas 54 fiosrú phráinneacha do EPIS-FWD (córas faisnéise eipidéimí ECDC do ghalair bhia-iompartha agus uisce-iompartha) sa bhliain 2017 faoi ábharthacht an chórais sin ar fud an AE. Bíonn “fiosruithe práinneacha” ar oscailt don líonra EPIS-FWD iomlán, agus feidhmíonn siad mar uirlis d’imscrúdú ráige. Is amhlaidh chun an leibhéal saineolais a mhéadú ar féidir le saineolaithe FWD cuireadh a thabhairt do speisialtóirí breise ar nós saineolaithe maidir le sábháilteacht bia, tréadlianna agus saineolaithe comhshaoil. Is amhlaidh leis sin ar uirlis den scoth í EPIS FWD chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne galar bia-iompartha.

D’fhorbair ECDC an tionscadal ELiTE a thuilleadh, a dhírítear ar eipidéimeolaíocht mhóilíneach na listéaróise trí leas fairsingithe an tseicheamhaithe géanóim iomláin (WGS) agus teicneolaíochtaí eile nach é. Tugadh cuireadh do shaineolaithe ó shé bhallstát chuig ceardlann faoin anailís sheicheamhach den chéad ghlúin eile maidir le haonraigh listéire d’imscrúdú ráige.

Ba le bailíochtú siarghabhálach maidir le faireachas WGS-fheabhsaithe ar an listéaróis san Eoraip, bunaithe ar ní ba mhó ná 2 700 aonraíoch arna seicheamhú idir

na blianta 2010 agus 2016, a bunaíodh tacar critéar do mheasúnú na dteagmhas iltíre.

Is é an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) an ghníomhaireacht Eorpach a dhéanann faireachán ar rioscaí reatha agus ag teacht aníos i ndáil leis an slabhra bia. Is bunriachtanas é comhar ECDC le EFSA don tsláinte phoiblí Eorpach. Ba chomhartha soiléir é comhchruinniú na ngníomhaireachtaí in Parma i mí Dheireadh Fómhair 2017 maidir le ráigeanna galar bia-iompartha agus maidir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin den tábhacht a bhaineann leis an gcompháirtíocht agus leis an líonrú sa limistéar sláinte poiblí sin. D’fhoilsigh ECDC-EFSA a dtuarascáil bhliantúil freisin maidir zónóisí agus AMR.

In éineacht leis an mbeirt chomhpháirtithe eile um chomhar – CDC SAM agus Public Health Canada – d’fhoilsigh an Lárionad alt eolaíochta\* faoi na caighdeáin chun inchomparáideacht na sonraí WGS a bailíodh trí fhaireachas domhanda ar ghalair bhia-iompartha.

Fáiltíodh roimh thriúr saineolaithe cuartaíochta isteach sa chlár idirmhalartaithe do shaineolaithe bia-iompartha agus uisce-iompartha chuig Stócólm sa bhliain 2017.

*Barr ar chlé: Áirítear freisin leis na bagairtí sláinte trasteorann ionfhabhtuithe arna dtoladh ar bord long cúrsála  
Ar chlé: Grafaic faisnéise ECDC/EFSA maidir le hionfhabhtuithe Listéire  
Bun ar chlé: Mionsamhlacha d’anailíseoirí uathoibríthe ag comhdháil faoin micribhitheolaíocht*

*\* Ar fáil ó: <https://www.eurosurveillance.org/content/10.2807/1560-7917.ES.2017.22.23.30544>*

28 JULY  
WORLD  
HEPATITIS  
DAY



ELIMINATE  
HEPATITIS



H I V  
A I D S



1 December is World AIDS Day

Reported HIV transmission modes  
in the EU/EEA 2016

- Sex between men and women
- Sex between men
- Injecting drug use
- Other



Source: ECDC, WHO Regional Office for Europe, HIV/AIDS surveillance in Europe 2017 - 2008 data



# VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach: HSH

‘Fast-track the end of AIDS in the EU – practical evidence-based interventions’ (“Deireadh a thabhairt go mear le SEIF san AE – idirghabhálacha praiticiúla fianaise-bhunaithe”) ba theideal le comhdháil a reáchtáladh i Vaileite, Málta sa bhliain 2017. Bhí an chomhdháil ar cheann de roinnt gníomhaíochta le Clár HSH ECDC i rith uachtaránacht Mhálta. Ba ag deireadh na bliana a tugadh aníos an t-ábhar ag comhdháil i dTaillinn, an Eastóin, agus pléadh inti é le tacaíocht eolaíochta ón ECDC, díothú VEID agus na heitinne laistigh den AE.

Stiúradh meastóireacht fhorleathan ar chóras faireachais VEID mar threoirchéim de thionscadal EPHEBUS. Tá EPHEBUS deartha chun éifeachtúlacht agus áisiúlacht na gcóras faireachais don tsláinte phoiblí a neartú ag an leibhéal AE. Rinne ECDC treorthástáil ar chóras faireachais nua don fhrithsheasmhacht in aghaidh drugaí VEID, agus is garr go ndéanfaidh sé taiscéaladh ar ardphrótaic maidir le staidéir shéirealeitheadúlachta sa daonra i gcoitinne.

Tháinig EMCDDA, an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, agus ECDC le chéile chun cruinniú líonraithe a reáchtáil faoin heipitíteas. Chomhtharla an cruinniú leis an Lá Domhanda in aghaidh an Heipitítis, a tharlaíonn an 28 Iúil gach bliain. Phléigh na rannpháirtithe an chaoi inar féidir le tíortha Eorpacha an faireachas ar ghalair a fheabhsú i

leith an heipitítis víreasaigh, faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo díothú an heipitítis, agus freagairt níos fearr don heipitíteas i measc daoine a insteallann drugaí iontu féin.

*Barr ar chlé: Tástáil maidir le dearadh gearrthóige físe don Lá Domhanda in aghaidh an Heipitítis  
Barr ar dheis: Méirge ar líne don Lá Domhanda SEIF  
Lár ar dheis: Grafaic ECDC ar líne d'ionfhabhtuithe SEIF/VEID  
Bun: Feachtas cóireála in aghaidh Heipitítis C i Maidrid, an Spáinn*





# Fliú agus víris eile riospráide: IRV

In ainneoin a scaidil sheachtainiúil d'fhoilseacháin, is mó ná gnáthfheasachán faoin tsláinte phoiblí atá in Flu News Europe: arna fhoilsiú le ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip i gcomhar a chéile, is fóram le héileamh mór air é Flu News Europe chun faisnéis nuashonraithe a fháil faoin bhfliú séasúrach.


Áiríodh le comhar ECDC leis an EDS sa limistéar sin sa bhliain 2017 saothar teicniúil maidir le víris sincítiacha riospráide, meastachán ar an ualach galair de bharr an fhliú, agus an próiseas roghnaithe tréithchineáil do vacsaíní fliú.


I-MOVE: Faightear líonra ábhalmhór d'fhorais sláinte poiblí laistiar den acrainm iontach (an fliú – faireachán ar éifeachtacht vacsaíní san Eoraip) sna 17 Ballstát AE/LEE ina ndéantar faireachán ar éifeachtacht na vacsaíne in aghaidh an fhliú shéasúraigh ar fud na hEorpa. Coinníonn ECDC air ag soláthar cistíú don líonra.

Cé chomh héifeachtach agus a bhíonn frithvíreasaigh (coscairí néaraimínidáise) le cosc agus cóireáil an fhliú? I dtuairim saineolaí, léirigh ECDC roghanna maidir le húsáid na n-oibreán frithvíreasach do chóireáil agus próifíolacsas an fhliú shéasúraigh.

Chomhshaothraigh EFSA, an tÚdarás Eorpach um shábháilteacht bia, le ECDC chun tuairisc mheasúnaithe nua a léiriú faoi fhliú na n-éan: 'Avian influenza overview' ("Achoimre faoi fhliú na n-éan"). Nuashonrófar an tuairisc ceithre huairé in aghaidh na bliana.

*Barr: Feirm sicíní i gCúige Guangxi, an tSín  
Bun: Vacsaíní fliú  
Ar dheis: Léarscáil sheachtainiúil um fhaireachais ar an bhfliú*





# An Eitinn: Eitinn

Comhlíonann an pobal sláinte poiblí an Lá Domhanda in aghaidh na hEitinne gach bliain an 24 Márta. Fuarthas aird mhór i measc na meán do Thuairisc bhliantúil ECDC maidir leis an Eitinn, a fhoilsítear i gcomhar leis an EDS, agus baineadh sleachta go forleathan di sna laethanta agus sna seachtainí tar éis Lá Domhanda in aghaidh na hEitinne.

‘United to end TB’ (“I gcomhar a chéile chun an Eitinn a dhíothú”): D’fhreastail an Clár Eitinne ar roinnt Ballstát le tairiscintí oiliúna saincheaptha, mar shampla cúrsa oiliúna faoin ‘TB in vulnerable populations’ (“An eitinn i measc daonraí leochaileacha”) sa Bhulgáir. D’eagraigh an Clár cuairt idirmhalartaithe (“Idir chúram ospidéil agus chúram siúlach”) san Fhionlainn do shaineolaithe Eitinne ón mBulgáir, ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin, agus ón Rómáin.

Bíonn an faireachas ar an Eitinn go hard ar chlár an Lárionaid go fóill: Tacaíonn ECDC leis an líonra faireachais ar ghalar Eitinne agus leis an líonra saotharlann tagartha Eitinne araon. Comhordaíonn an Lárionad measúnachtaí cáilíochta seachtracha (EQAnna) do shaotharlanna Eitinne. Is mar chuid den scéim EQA a fhaigheann gach saotharlann rannpháirteacha tuairiscí aonair faoina dtorthaí tástála EQA. Foilsítear torthaí EQA i bhformáid anaithnide, ach léirítear go soiléir leo an féidir le saotharlanna tagartha na hEorpa trí chéile diagnóisic leordhóthanach a sholáthar do shaoránaigh na hEorpa.

Rannchuidigh ECDC leis an gcéad chomhdháil aireachta EDS maidir leis an eitinn i mí na Samhna 2017 i Moscó: ‘Ending TB in the sustainable development era: a multisectoral response’ (“Díothú na hEitinne i ré na forbartha inbhuanaithe: freagairt ilearnálach”). Ag deireadh na comhdhála, shínigh 75 aire Dearbhú Mhoscó chun an eitinn a dhíothú.

*Barr: An stiúrthóir Andrea Ammon ag imeacht Eitinne sa Bhrúiséil  
Bun ar chlé: Is meán saothrúcháin atá sa mheán Loewenstein-Jensen  
as a mbaintear leas do shaothrú mycobacterium tuberculosis  
Bun ar dheis: Mycobacterium bhaictéir eitinne*

# Measles affects all age groups

Measles is an acute, highly contagious disease capable of creating epidemics. It can be contracted at any age. Vaccination is the best way to protect yourself and others against measles, regardless of age. Check your vaccination status.




Number of reported measles cases






● Age: 0-14 years  
● Age: above 14 years

Data extracted from The European Surveillance System (TESSy), ECDC, Stockholm, 2018. Countries which are represented reported the majority of cases in the period 2014-2017.



Proportion of measles cases above 14 years of age, 2014-2017, EU/EEA countries



# Galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú: VPD

An rud a shamlaítear mar ghnáthfhaireachas galair; is cuid ríthábhachtach den chosc galar é i ndáiríre: is bunghnéithe den fhaireachán bruitíní comhsheasmhach agus tuairiscí bruitíní rialta iad sa chomhrac chun bruitíneach a dhíothú. Soláthraítear le tuairiscí bruitíní ECDC “sonraí chun gníomhú” chuid cuidiú le Ballstáit chun teacht ar spriocanna díothaithe ar tugadh achoimre orthu i bPlean Gníomhaíochta Vacsaíní Eorpach na EDS 2014-2020.

D’fhoilsigh ECDC tuairisc chuimsitheach i mí Aibreáin na bliana 2017 maidir le córais faisnéise imdhíonta leictreonaigh laistigh den AE. Is eochair-uirlis í an tuairisc sin chun feidhmíocht na gclár imdhíonta a neartú.


Bhí saothar ECDC maidir le drogall roimh an vacsaíniú san Eoraip: go mór i réim sa bhliain. Áiríodh leis na foilseacháin catalóg idirghabhálacha chun aghaidh a thabhairt ar an drogall roimh vacsaíní, sraith straitéisí sna meáin shóisialta chun tacú le feachtais náisiúnta, i rith Seachtain Imdhíonta na hEorpa, agus measúnú mear-riosca maidir le ráigeanna bruitíní.

Tugadh le chéile saineolaithe cumarsáide agus imdhíonta le grúpa comhairleach teicniúil nuabhunaithe a d’fhorbair straitéisí cumarsáide ar a sheal féin faoin gcaoi chun rátaí clúdaigh vacsaínithe a mhéadú san Eoraip. D’eagraigh ECDC ceardlann

i rith Fhóram Sláinte na hEorpa in Gastein na bliana 2017 faoin ‘Addressing vaccine hesitancy in the post-factual era’ (“Aghaidh a thabhairt ar an drogall roimh vacsaíní sa ré iar-fhíorasach”).

Bhí an Sceidealóir Vacsaínithe AE fós ar cheann de na gnéithe ba mhó cuairte ar thairseach gréasáin ar líne ECDC. Mealladh 52 000 úsáideoir chuige, ag gineadh 224 000 amharc leathanaigh.

*Barr: Téann bruitíneach i bhfeidhm ar gach aoisghrúpa, grafaic faisnéise ó ECDC  
Bun ar chlé: An rithéann aon smaointe leat i gcomhair feachtais vacsaínithe? Leabhar sceitseála ealaíontóra  
Bun ar dheis: Leictreomhicreagraf tarchuir víorón (cáithníní víris) den víreas Rubella, ag brúchtaíl ó dhromchla cille ionfhabhtaithe (dofheicthe)*



*Barr ar chlé: Cohórt na bliana 2017 de Chlár Comhaltachta ECDC  
Barr ar dheis: Miasa Petri le muiscítí Culex agus Aedes  
Bun: Ines Steffens, príomheagarthóir le Eurosurveillance, ag ESCAIDE 2017*

# Cumarsáid agus oiliúint

## Scaipeadh an scéil, comhroinnt feasa

Bíonn nasc dlúth idir gníomhaíochtaí cumarsáide ECDC agus a chlár um ghalair. Cinntíonn eagarthóirí ECDC go mbíonn an Lárionad ar aonghuth lena chumarsáid. Is iad na heagarthóirí gréasáin le ECDC a chothabhálann tairseacha ar líne, agus is í an fhoireann preasa a ghlacann le fiosruithe ó iriseoirí, úsáideoirí meán sóisialta agus ón bpobal. Is iad na foirne tras-earnálacha – eolaithe, scríbhneoirí, eagarthóirí, dearthóirí grafaicí – a fhorbraíonn ábhar ar nós sraitheanna straitéise, grafaicí faisnéise nó gearrthóg físe, agus an eolaíocht agus na híomhánna faoina gcúram. Feictear tiomantas ECDC don chumarsáid mhear agus éifeachtach leis an láithreach mhéadaithe sna meáin shóisialta: bíonn an Lárionad gníomhach ar Twitter, agus tá sé ar Facebook freisin. Is féidir amharc ar fhíseáin ar Vimeo agus ar chainéal YouTube le ECDC.

Chonacthas athsheoladh thairseach gréasáin ECDC sa bhliain 2017. Soláthraítear rochtain léi ar níos mó ná 200 foilseachán arna n-eisiúint ag ECDC sa bhliain 2017, agus soláthraíonn sí rochtain ar fhliúirse faisnéise agus sonraí.

## Faireachas ar ghalair

Cuireadh athchóiriú ar láithreán gréasáin *Eurosurveillance* sa bhliain 2017, agus is ann anois a

feictear méadracht ag leibhéal na n-alt, foláireamh saincheaptha, agus feidhm chuardaigh fheabhsaithe, agus rianú luanna.

Bíonn *Eurosurveillance* sna chéad deich n-iris maidir le galair thógálacha, le fachtóir tionchair de 7.2, an rátáil is airde aige riamh. Fuair an iris os cionn 900 aighneacht sa bhliain 2017; foilsíodh 230 mír díobh. Choinnigh *Eurosurveillance* lena rannpháirtíocht sna meáin shóisialta ar Twitter agus d'fhorhódaigh sé a ghníomhaíochtaí ar LinkedIn. D'idirghníomhaigh eagarthóirí na hIrise go honnghníomhach lena lucht léitheoireachta trí chuir i láthair ag comhdhálacha agus cruinnithe eolaíochta.

## Oiliúint

Léirítear tiomantas ECDC don fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina Chlár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí nua, lena soláthraíodh oiliúint do bheagnach 400 rannpháirtí seachtarach cheana féin.

Tuairiscíodh 37 céimí le Clár Comhaltachta ECDC sa bhliain 2017 dá dhá chodán EPIET agus EUPHEM.





# Súil ghéar á coinneáil: faireachas ar ghalair

## Faisnéis eipidéime agus freagairt d'eipidéimí:

Tá faireachas agus faireachán ar ghalair ina ngnéithe lárnacha de shainordú ECDC ón uair a bunaíodh é. Féachann an Lárionad ar faireachas ar ghalair mar shaincheist chomhthéacsúil, agus ní mar dhisceiplín ar leith. Is é sin le rá, ní bheidh an Lárionad in ann a lánacmhainn a bhaint amach ná tionchar ceannasach a imirt ar chosaint na sláinte poiblí san Eoraip ach amháin i gcás go ndéanfaidh sé faireachas ar ghalair i gcomhar leis na feidhmeanna eile sláinte poiblí atá aige i réimsí amhail comhairle eolaíoch, ullmhacht, freagairt, oiliúint agus cumarsáid sláinte.

Tá líon Mearmheasúnuithe Riosca a rinneadh sa bhliain 2017 mar fhianaise ar an gcumas atá ag ECDC freagairt go tapúil do bhagairtí eipidéimeolaíochta: sholáthair ECDC faisnéis luachmhar chúlra agus anailísí beachta ar bhagairtí ar fáil sna 38 Mearmheasúnú Riosca a foilsíodh. D'fhoilsigh ECDC 55 Tuairisc Nuashonraithe Eipidéimeolaíochta ar a láithreán gréasáin freisin. Bhain 22 acu le ráigeanna bruitíní san Eoraip.

Chuir ECDC chun feidhme an mhodheolaíocht agus na nósanna imeachta le haghaidh Mearmheasúnuithe

Riosca a dhéanamh; chun comhsheasmhacht na modhanna a fheabhsú, agus chun a dlútbhaint na mBallstát AE/LEE agus na ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta a chinntiú.


Ba chúis imní go fóill iad na ráigeanna den víreas Zika sa bhliain 2017. Nuashonraigh ECDC go rialta a léarscáileanna tarchuir Zika sna ceantair bhuailte, bunaithe ar rangú na bpróifílí eipidéimeolaíochta Zika arna bhforbairt ag an Lárionad leis an EDS agus le CDC SAM. D'fhorbairt ECDC bunachar sonraí freisin i leith na gcineálacha éagsúla víreas flú.

Rinne ECDC faireachán ar chás an fhiabhrais bhuí sa Bhrasaíl, agus rinne measúnú ar an riosca do thaistealaithe.

Shuiteáil ní ba mhó ná 2 700 úsáideoir an feidhmchlár Threat Report go nuige seo do ghléasanna móibíleacha; agus d'íoslódáil 17 000 cáipéis le ECDC san iomlán.

*Barr ar chlé: Saothraítear muiscít Aedes aegypti faoi uisce roimh a n-aimridiú  
Barr ar dheis: Sealgaire víreas d'aon lá amháin: gearrthóg ar cóimhéid le duine ag ESCAIDE i Stócólm  
Lár ar chlé: Cur i láthair ag ESCAIDE  
Bun: Cruinniú na bpointí fócasacha náisiúnta i Stócólm (ullmhacht agus freagairt, brath bagairtí)*

# Buiséad ECDC don bhliain 2017



Aitreach nua ECDC in Solna, cúig chiliméadar ó thuaidh ó Stócólm.

# ECDC de réir na bhfigiúirí

## Comhdhéanamh fhoireann ECDC de réir tír náisiúntachta



Bhí 263 duine san iomlán fostaithe ag ECDC amháil an 31 Nollaig 2017.

**An Lárionad Eorpach um Ghalair  
a Chosc agus a Rialú (ECDC)**

Gustav III:s Boulevard 40  
169 73 Solna, an tSualainn

Fón +46 (0)8 58 60 10 00  
Facs +46 (0)8 58 60 10 01  
[www.ecdc.europa.eu](http://www.ecdc.europa.eu)

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh  
[www.europa.eu](http://www.europa.eu)

Liostáil dár bhfoilseacháin  
[www.ecdc.europa.eu/en/publications](http://www.ecdc.europa.eu/en/publications)

Teagmháil  
[publications@ecdc.europa.eu](mailto:publications@ecdc.europa.eu)

🐦 Lean orainn ar Twitter  
[@ECDC\\_EU](https://twitter.com/ECDC_EU)

📘 Tabhair is maith liom dár leathanach  
Facebookk  
[www.facebook.com/ECDC.EU](https://www.facebook.com/ECDC.EU)



Publications Office

ISBN 978-92-9498-233-9